



PDST

An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí

qo WpnuuSGoili



**Cur chuige uile scoile i leith forbairt
na matamaitice sa Scoil Lán
Ghaeilge: múineadh éifeachtach,
saibhriú agus comhtháthú teanga
na matamaitice sa Ghaelscoil.**



Karen Brogan SFGM



Deiseanna saoil gach páiste a fheabhsú

Achoimre ar na príomh-athruithe

2011-12

- Déan an méid ama a chaitear ar litearthacht agus uimhearthacht a mhéadú
- Tús a chur le féinmheastóireacht mhaith


2011-12

- Tástáil chaighdeánaithe ag deireadh 2ú, 4ú, 6ú,
- Torthaí measúnachtaí a thuairisciú do thuismitheoirí
- Sonraí measúnachta a thuairisciú don Bhord Bainistíochta (Deireadh 2ra, 4ú & 6ú)
- Sonraí comhiomlána a chur chuig an ROS

2012-2013

- Féinmheastóireacht mhaith a dhéanamh agus Plean Feabhsúcháin Scoile 3 bliana a bhunú 20 uair FGL
- An Plean feabhsúcháin a chur ar fáil do phobal na scoile

Measúnú sa Bhunscoil (CNCM 2007)



(Measúnú i gCuraclam na Bunscoile, CNCM 2007)


Tá an SFGM maoinithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna faoin bPlean Forbartha Náisiúnta, 2007-2013

Sainmhíniú ar Uimhearthacht


Clúdaíonn an uimhearthacht an cumas chun tuiscint agus scileanna matamaitice a úsáid chun na fadhbanna a réiteach agus na héilimh laethúla ag maireachtáil i suíomhanna sóisialta casta a chomhlíonadh.

(Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol 2011, lch15)

Cén fáth an uimhearthacht?




Cad atá ar eolas againn faoi chaighdeáin litearthachta agus uimhearthachta?



Cúig shnáithe

- Luathghníomhaíochtaí
- Uimhreas
- Ailgéabar
- Cruth agus spás
- Tomhais
- Sonraí.



Snáithaonaid an churaclaim

Luathghníomhaíochtaí

Rangú, Meaitseáil, comparáid a dhéanamh, cur in ord

Uimhreas :

Comhaireamh , Comparáid agus Ordú ; ionadluach; uimhreas agus anailís uimhris; codáin, deachúla

Ailgéabar

Patrúin a forleathnú, patrúin uimhreacha agus seichimh/uimhirabairtí (Rang 3 agus 4), Uimhreacha Treoracha, Rialacha agus Airíonna, Athróga agus Cothromóidí (Rang 5 & 6)

Snáithaonaid an churaclaim

Cruth agus spás

Feasacht ar spásúlacht Cruthanna 2D agus 3D, Siméadracht and Línte agus Uillinneacha

Tomhais

Tomhais, meachan, toilleadh, am, achar, airgead

Sonraí

Sonraí a aithint agus a léirmhíniú; seans



Scileanna le forbairt

- cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna
- cumarsáid agus cur in iúl
- comhtháthú agus nascadh
- réasúnaíocht
- cur i bhfeidhm
- tuiscint agus tabhairt chun cuimhne.

Aidhmeanna

- **Dearcadh dearfach a fhorbairt**
- Cumais réitigh fadhbanna a fhorbairt ... mata a úsáid sa ghnáthshaol laethúil
- **Teanga na matamaitice a úsáid go héifeachtach agus go beacht**
- Tuiscint a fháil ar choincheapa matamaiticiúla agus ar phróiséis mhatamaiticiúla
- Inniúlacht i scileanna matamaitice

Primary School Curriculum Mathematics pg 12

Teanga na matamaitice



- Is aidhm thábhachtach sa chlár matamaitice í a chur ar chumas na bpáistí teanga na matamaitice a úsáid go héifeachtach is go cruinn.

Tá cumas *éisteachta*, ceistithe agus díospóireachta chomh maith le cumas léitheoireachta agus cláraithe i gceist anseo.


Bíonn ról tábhachtach aige i bhforbairt thuiscint an pháiste ar choincheapa matamaiticiúla agus iad a chur in iúl do dhaoine eile.

Teanga na matamaitice

- Ceann de na cúiseanna a dteipeann ar pháistí sa mhatamaitic is ea lagthuiscint ar na focail agus na frásaí a úsáidtear.
- Ní bheidh teagmháil ag páistí le cuid den teanga seo ach sa cheacht matamaitice amháin, agus beidh an-chuid deiseanna ag teastáil uathu í a úsáid chun go mbunófar mar chuid dá dteanga féin í.

Teanga na matamaitice

- I gcásanna eile úsáidfeair gnáthfhocail laethúla sa mhatamaitic ach d'fhéadfadh ciall nua a bheith leo nach dtuigfeadh an foghlaimeoir i gceart.



Teanga na matamaitice

- Tá ról suntasach ag an díospóireacht i mbunú teanga na matamaitice agus i bhforbairt coincheap matamaiticiúil.
- Is féidir cuidiú leis an bpáiste idéanna a shoiléiriú agus spleáchas ar an múinteoir a laghdú trí choincheapa agus phróisis a phlé le páistí eile.



Teanga na matamaitice

- Is den riachtanas é go ndéanfaidh an páiste díospóireacht leis an múinteoir freisin.
- De réir mar is gá cuirfidh an múinteoir foclóir oiriúnach matamaiticiúil ar fáil chun cuidiú leis an bpáiste idéanna a shoiléiriú nó a chur in iúl ar bhealach níos cruinne.

Teanga na matamaitice




- **Toisc siombailí matamaiticiúla a bheith chomh casta sin moltar nach n-iarrfaí ar pháistí idéanna matamaiticiúla a chlárú go dtí go mbíonn siad ullamh chuige.**



Teanga na matamaitice

Ba cheart forbairt chuí a bheith déanta ar choincheapa sula gcuirfí in iúl i scríbhinn iad. Ba chóir go dtiocfadh úsáid siombailí agus slonn matamaiticiúil i ndiaidh go leor cleachtaidh i dtuairisciú ó bhéal agus i ndíospóireacht



*“Teipeann ar an-chuid páistí sa
mhatamaitic toisc go bhfuil a bhfoclóir
matamaiticiúil ró-easnamhach chun
déileáil leis an téarmaíocht i
bhfadhbanna”*

Treoirlíne do mhúinteoirí lch36



Teanga na Matamaitice

aimsigh	réitigh	faigh fianaise
tóg	a fhorbairt	a iniúchadh
scrúdaigh	déan cur síos	deimhnigh
fiosraigh	nasc	cosain do fhreagra
Réasúnaigh	mínigh	Tabhair buille faoi thuairim
tabhair chun cuimhne	tuar	Réitigh

Teanga na matamaitice

Cur chuige coiteann a bheith ann ar bhonn uile scoile do:

- **Oibríochtaí uimhreacha**
- **Gach snáithe agus gach snáithaonad**

Teanga na nOibríochtaí Uimhreacha

Suimiú		Dealú	
suimigh	níos mó ná	dealaigh	níos lú ná
agus	iomlán	lúide	líon níos ísle
móide	méadú	bain	laghdaigh
San iomlán	mena chéile	níos lú	téigh siar
Is ionann sin agus	suimiú	faigh an difríocht	ó
ar aghaidh leat	faigh x sa bhreis	tabhair uait	an méid a
lean ag	cuir le	chaith x	chaithfear a
comhaireamh			shuimiú le?

Teanga na nOibríochtaí Uimhreacha

Méadú		Roinnt	
Faoi	Gach táirge	Roinnte	sainuimhir
Grúpaí de	cearnú	faoi/isteach i	Dealú leantach
Tacair/braislí de	Suimiú leantach	Cá mhéid i ngach	Deighil
Méadaigh	Sraitheanna de	grúpa?	Tabhair
faoi	X i gcumhacht y	Roinnte thar	dáil
Fachtóirí		díbhinn/roinnteoir	

Teanga sa Churaclam



Ceardlanna Luath Mhata

- ❖ Teagasc éifeachtach na matamaitice ‘sna bunranganna
- ❖ Foghlaim scil-bhunaithe
- ❖ Páistí a chur ag smaoineamh go matamaiticiúil



Cuirfear ar chumas na múinteoirí

- ❖ Modhanna múinte a chur in oiriúint do fhorbairt agus do shealbhú **scileanna na matamaitice**
- ❖ **Teanga na matamaitice** a úsáid go sonrach i dteagasc gach ceacht Mata

Mata Mheabhrach



- Bata comhairimh



--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

Mata Mheabhrach

Clár targaide;
Clár Spriocanna;
Sprioc-chairt



MathStories.com

Cór comhairimh




Tionscanaimh


Ta tionscanamh faoin Astráil idir lámhe agat. Ag úsáid léarscáileanna agus catalóga taistil, déan turas timpeall na hAstráile a phleanáil.

Roghnaigh 2 cheann astu seo a leanas le fiosrú/iniúchadh.

- Roghnaigh 10 n-áit ar a laghad le cuairt a thabhairt orthu
- Léirigh an turas ar an léarscáil.
- Fiosraigh áiteanna le fanacht iontu. Cosain do rogha.
- Déan an méid airgid a bheidh uait in aghaidh an lae a mheas.
- Fiosraigh an ráta malairte reatha don dollar Astrálach.



Anois.....



Achoimre ar na príomh-athruithe

2011-12

- Déan an méid ama a chaitear ar litearthacht agus uimhearthacht a mhéadú
- **Tús a chur le féinmheastóireacht mhaith**


2011-12

- Tástáil chaighdeánaithe ag deireadh 2ú, 4ú, 6ú,
- Torthaí measúnachtaí a thuairisciú do thuismitheoirí
- Sonraí measúnachta a thuairisciú don Bhord Bainistíochta (Deireadh 2ra, 4ú & 6ú)
- Sonraí comhiomlána a chur chuig an ROS


2012-2013

- **Féinmheastóireacht mhaith a dhéanamh agus Plean Feabhsúcháin Scoile 3 bliana a bhunú 20 uair FGL**
- **An Plean feabhsúcháin a chur ar fáil do phobal na scoile**

Próiseas Feabhsúcháin Scoile



Tá an SFGM maoinithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna faoin bPlean Forbartha Náisiúnta, 2007-2013



Tacaíocht ón SFGM

Ceardlanna *féideartha* a d'fhéadfaí a reáchtáil trí na hionaid oideachais:

- Luath Mhata
- FMS
- Seimineáir TFC

www.pdst.ie

